# Líonra Taistil Ghníomhaigh Chathair Bhaile Átha Cliath








## Scéim Taistil Ghníomhaigh
## Bhóthar Shéipéal Iosóid agus Bhóthar Conyngham

### Tréimhse Chomhairliúcháin Phoiblí: 20 Feabhra – 20 Márta 2026

Leis an scéim nua seo, cuirfear 3.1km d'áiseanna nua siúlóide agus rothaíochta ar fáil feadh Bhóthar Shéipéal Iosóid agus Bhóthar Conyngham, agus nascfar Sráidbhaile Shéipéal Iosóid le lár na cathrach. Áireofar leis sin trasrianta soilsithe coisithe, feabhsúcháin ar stadanna bus agus glasú nua.

Tá Comhairliúchán Poiblí á reáchtáil chun tuairimí an phobail a bhailiú.

## IMEACHTAÍ FAISNÉISE POIBLÍ:

Dé Luain, 2 Márta — 4-6.45pm
Halla na nGasóg 139ú Shéipéal Iosóid, D20 YV26

Dé Máirt, 10 Márta — 4-7pm
Óstán Ashling, D08 P38N

**NOCHT DO THUAIRIM**

engage.dublincity.ie

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

## Cén fáth a bhfuil an obair seo á déanamh againn?


Ba mhaith linn é a dhéanamh níos sábháilte, níos éasca agus níos deise do dhaoine siúl, nó rothaí nó rothar a úsáid, ar Bóthar Shéipéal Iosóid agus Bóthar Conyngham. Leis an scéim seo, nascfar pobail feadh an bhealaigh seo, nascfar Sráidbhaile Shéipéal Iosóid le lár na cathrach trí Rotharbhealach na Life, agus feabhsófar rochtain ar áiseanna ar nós Pháirc an Fhionnuisce agus Gairdíní Cuimhneacháin Cogaidh.

## Cad iad na hathruithe a bheidh i gceist leis an scéim seo?

Soláthróidh an scéim seo:


- Raon rothar scartha dhá threo
- Trasrianta soilsithe nua feabhsuithe do choisithe agus do rothaithe
- Feabhsúchán iomlán ar Acomhal an Chuarbhóthair Theas
- Feabhsúcháin ar chosáin lena n-áirítear leathnú logánta ar chosáin
- Feabhsúcháin ar stadanna bus
- Seastáin rothair nua
- Bearta tírdhreachaithe agus glasaithe

Beidh athruithe ar pháirceáil i gceist chun an scéim seo a thabhairt ar an saol. Bainfear páirceáil le teorainn ama de Bhóthar Conyngham, agus cuirfear spásanna páirceála nua ar fáil ag Faiche Spóirt na Móinéar Fada.





### Leagan amach tipiciúil

### Faoi láthair




### Nua



# Cén chuma a d'fhéadfadh a bheith air?




**Léaráid ealaíontóra den scéim, ag breathnú siar ar Bhóthar Conyngham**

Tá líníochtaí agus fótamontáisí an dearaidh ar fáil le féachaint orthu ar:
**dublincity.ie/chapelizod-road-scheme**

Beidh siad ar taispeáint le linn na tréimhse comhairliúcháin ag:
**Ionad Cathartha Pobail Bhaile Formaid, D10 T042**






## Cad é cuspóir an chomhairliúcháin phoiblí seo?

Tá comhairliúchán poiblí á reáchtáil ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ón **20 Feabhra - 20 Márta 2026** chun tuairimí na ndaoine a chloisteáil agus a ndearcadh a fháil ar an scéim atá beartaithe. Déanfaimid athbhreithniú ar an aiseolas go léir agus déanfaimid ár ndearaí a fhorbairt níos mó más gá.

Foilseofar Tuarascáil Comhairliúcháin Phoiblí ar leathanach gréasáin na scéime: **dublincity.ie/chapelizod-road-scheme**

## Conas Páirt a Ghlacadh

Chun aighneacht a dhéanamh maidir leis an scéim seo, féach ar na roghanna thíos le do thoil:

Scan le haghaidh ceistneoir ar líne

**engage.dublincity.ie**

**Activetraveloffice@dublincity.ie** leis an ábhar Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar Shéipéal Iosóid agus Bhóthar Conyngham

Oifig an Chláir Taistil Ghníomhaigh, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Teach Cavendish, Bloc D, Cúirt Árann, Cé Árann, Baile Átha Cliath 7, D07 H5CH

## Breis eolais

Chun an nuacht is déanaí faoin scéim a fháil amach anseo, is féidir leat liostáil le Foláirimh CCBÁC: **alerts.dublincity.ie/activetravel-public**

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ar: **(01) 222 2536**

## Imeachtaí Faisnéise

Dé Luain, 2 Márta, 4-6.45pm, Halla na nGasóg 139ú Shéipéal Iosóid, D20 YV26
Dé Máirt, 10 Márta, 4-7pm, Óstán Ashling, D08 P38N



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council